Gwyddeleg / Gaelic

Teachtaireacht Síochána is Dea-mhéine ó dhaoine óga na Breataine Bige do dhaoine óga ar fud an domhain.

Tic teaic. Tic teaic. Tá an t-am ag bagairt orainn agus tá crosbhóthar bainte amach againn. Is fadhb dháiríre é an t-athrú aeráide agus is mithid dúinn cur i ngníomh gan a thuilleadh moille.

Má leanann cúrsaí ar aghaidh mar atá, ní bheidh an t-Arctach ann tuilleadh sa riocht ina bhfuil sé faoi láthair i gceann trí bliana. Fíric.

Má ardaíonn teocht an phláinéid 4^{o}C, d'fhéadfadh fásach an tSahára síneadh chomh fada ó thuaidh leis an bhFrainc. Fíric.

Ar meán, cruthaíonn gach uile dhuine sa Bhreatain Bheag 11 tonna de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana. Fíric.

Ar meán, cruthaíonn gach uile dhuine sa Chéinia 0.2 tonna de dhé-ocsaíd charbóin in aghaidh na bliana. Fíric.

Ní féidir leat a rá nach raibh a fhios agat go mbaineann muid feidhm as an iomarca breosla. Go bhfuil muid ag baint a chuid mianraí den Talamh. Go bhfuil muid diomailteach agus go gcaitheann muid an iomarca rudaí i dtraipisí. Go bhfuil muid ag marú an phláinéid.

Is é ár dteachtaireacht an ceann a bhí ann anuraidh is arú anuraidh, ach ní fhanann an t-am le duine ar bith.

Iarrann muid ar dhaoine óga ar fud an domhain teacht linn, daoine óga na Breataine Bige, chun aghaidh a thabhairt ar an gcás agus ár gcuid tuairimí a nochtadh. Déanaimis an t-athrú aeráide ina ábhar gníomhaíochta anois féin. Iarrann muid oraibh an bealach ceart a roghnú ag an gcrosbhóthar. Ní fiú breathnú siar ar ar thit amach. Is deis nua é inniu agus tá amárach lán dóchais.

Tic teaic. Tic teaic. An gcloiseann tú an clog ag ticeáil?

Arna chur le chéile ag Fóram Óige Ceredigion